## PREASEISIÚINT Uimh. 126/25

**Lucsamburg, 18 Meán Fómhair 2025**

Tuairim an Abhcóide Ghinearálta i gCásanna Uamtha C-188/24 | WebGroup Czech Republic agus NKL Associates agus C-190/24 | Coyote System

# Abhcóide Ginearálta Szpunar: beart atá ina chomhthoradh ar fhorálacha den dlí coiriúil nó atá riachtanach chun éifeachtacht na seiceálacha cois bóthair a chinntiú, tagann sé faoi phrionsabal na tíre tionscnaimh sa Treoir maidir le trádáil leictreonach

Cuirtear le reachtaíocht na Fraince srian ar sheirbhísí digiteacha áirithe chun an t-ord poiblí agus an tsládáil phoiblí a chosaint. Go háirithe, cuirtear toirmeasc ar rochtain do mhionaoisigh ar shuímh phornagrafacha agus cuirtear d'oibleagáid ar fhoilsitheoirí na suímh sin feistí teicniúla a chur chun feidhme chun rochtain a chosc. Cuirtear srian freisin ar sheirbhísí cúnta tiomána geoshuímh trí thoirmeasc a chur ar thuairisciú seiceálacha áirithe cois bóthair. Cuirtear na bearta sin chun feidhme le dhá fhoraithne, a n-iarrtar iad a neamhniú os comhair Conseil d'État na Fraince (an Chomhairle Stáit) in dhá chás ar leith.

I gCás C-188/24, áitíonn na cuideachtaí WebGroup Czech Republic agus NKL Associates, a bunaíodh i bPoblacht na Seice, go sáraítear le reachtaíocht na Fraince prionsabal na 'tíre tionscnaimh' a leagtar síos sa Treoir maidir le trádáil leictreonach [1], ar dá réir, a mhéid a bhaineann le ceanglais a thagann faoin 'réimse comhordaithe', a rialaítear seirbhísí le dlí an Stáit bunaíochta.

I gCás C-190/24, measann an chuideachta a bhfuil speisialtóireacht aici leis an gcúnamh tiomána Coyote System, a bunaíodh sa Fhrainc, go sáraíonn an toirmeasc ar sheiceálacha áirithe cois bóthair a thuairisciú prionsabal 'na tíre tionscnaimh' agus go mbunaítear leis oibleagáid faireacháin a thoirmisctear leis an treoir.

Chuir an Chomhairle Stáit an t-ábhar faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais chun a fháil amach, *inter alia*, an dtagann an oibleagáid a fhorchuirtear ar fhoilsitheoirí seirbhísí ar líne faoi 'réimse comhordaithe' [2] na Treorach, agus an gcumhdaítear leis an réimse sin an toirmeasc a fhorchuirtear ar sheirbhísí cúnta tiomána.

Ina Thuairim a tugadh inniu, molann an tAbhcóide Ginearálta Maciej Szpunar gur cheart don Chúirt a rialú **go gcuimsíonn an réimse comhordaithe a shainítear sa Treoir an oibleagáid atá ar fhoilsitheoirí seirbhísí cumarsáide ar líne gléasanna teicniúla a chur chun feidhme a cheaptar chun cosc a chur ar mhionaoisigh rochtain a fháil ar ábhar pornagrafach**. Freisin, dar leis, cuimsítear sa réimse **toirmeasc ar oibreoirí seirbhís cúnta tiomána leictreonach nó seirbhís stiúrtha geoshuímh ó theachtaireacht a athchraoladh arna heisiúint ag úsáideoirí a d'fhéadfadh cabhrú le húsáideoirí eile seiceálacha cois bóthair a sheachaint**. Dar leis, is amhlaidh atá fiú in ainneoin nach mbaineann na hoibleagáidí sin leis na nithe a rialaítear le forálacha comhchuibhithe na Treorach.

Measann an tAbhcóide Ginearálta nach bhfuil na bearta a rinne an Fhrainc eisiata ón réimse comhordaithe ar an aon fhoras amháin gurb ionann iad, faoi seach, agus comhthoradh ar fhorálacha an dlí choiriúil, agus beart riachtanach chun éifeachtacht na seiceálacha cois bóthair a dhéantar chun daoine a bhfuiltear sa tóir orthu mar

gheall ar choireanna nó cionta nó atá ina mbagairt ar an ord poiblí nó ar an tslándáil phoiblí a ghabháil.

Maidir le WebGroup Czech Republic agus NKL Associates, cuireann sé in iúl go bhfuil na socruithe maidir le cosaint le haghaidh mionaoiseach dá bhforáiltear le dlí an Aontais, atá mar thoradh ar chomhthoil idir na Ballstáit, bunaithe cheana féin, *inter alia*, ar mhaolú dá bhforáiltear leis an Treoir [3], ionas nach féidir dul timpeall ar an sásra sin chun oibleagáidí a eascraíonn as forálacha ginearálta agus teibí a fhorchur ar sholáthraithe seirbhíse.

Ina theannta sin, i gCás Coyote System, deir an tAbhcóide Ginearálta go mbaineann an tríú ceist le foráil [4] den Treoir nach mbeidh feidhm aici ach amháin ina bhfuil an soláthróir seirbhísí ina 'óstach'. É sin ráite, ní thagann seirbhís gheoshuímh Coyote System faoin sainmhíniú ar 'óstach': ní hamháin go ndéantar leis an tseirbhís sonraí a stóráil agus a leithdháileadh, ach déantar na sonraí a athrú le halgartam go sraith faisnéise nua, agus mar thoradh ar an méid sin níl feidhm ag an bhforáil maidir leis an tseirbhís.

**NÓTA:** Níl Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ina ceangal ar an gCúirt Bhreithiúnais. Tá sé de chúram ar na hAbhcóidí Ginearálta, ar bhealach go hiomlán neamhspleách, réiteach dlíthiúil a mholadh don Chúirt Bhreithiúnais ar na cásanna a bhfuil siad freagrach astu. Faoi láthair, tá Breithiúna na Cúirte Breithiúnais ag cur tús leis an bplé ar an gcás seo. Tabharfar breithiúnas ar dháta níos déanaí.

**NÓTA**: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.
Foilsítear téacs iomlán na Tuairime ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá na fógartha.
Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.
Tá íomhánna den Tuairim arna léamh ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach, go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach ('an Treoir maidir le trádáil leictreonach').

[2] Freagraíonn an réimse comhordaithe do na ceanglais arna leagan síos i gcórais dlí na mBallstát, a bhfuil feidhm acu maidir le soláthraithe seirbhísí sochaí faisnéise nó le seirbhísí sochaí faisnéise, má tá feidhm ghinearálta leo nó más rud é gur dearadh iad go sonrach chuige sin.

[3] Airteagal 3(4).

[4] Airteagal 15, lena gcuirtear toirmeasc ar Bhallstáit oibleagáid faireacháin ghinearálta agus bhuan a fhorchur ar óstaigh.